# 8 Costais chóiríochta chun póilíneacht a dhéanamh ar chluiche ceannais Shraith Europa UEFA

8.1 Féadfaidh an Garda Síochána seirbhísí póilíneachta a sholáthar le haghaidh imeachtaí ar mhaoin phoiblí nó phríobháideach ar iarratas ó dhuine atá ag cur imeachta chun cinn agus le haghaidh imeachtaí ardphróifíle nó náisiúnta eile.[1]

8.2 Ceann de na himeachtaí sin ná cluiche ceannais Shraith Europa UEFA, a bhí ar siúl i Staid Aviva i mBaile Átha Cliath an 22 Bealtaine 2024. Costas iomlán na póilíneachta don imeacht seo ná €7.8 milliún, lena n-áirítear ragobair (féach Fíor 8.1).

**Fíor 8.1 Costais a bhaineann le póilíneacht a dhéanamh ar chluiche ceannais Shraith Europa UEFA**

| Mír chostais | Méid €000 |
|---|---|
| Ragobair | 4,922 |
| Costais eile (lena n-áirítear cóiríocht) | 1,477 |
| ÁSPC | 567 |
| Liúntais neamhshóisialta | 491 |
| Taisteal agus cothú | 313 |
| **Iomlán** | **7,770** |

Foinse: An Garda Síochána

8.3 Mar chuid den iniúchadh ar chuntas leithreasa 2024 do Vóta 20 Garda Síochána, rinneadh imscrúdú ar an gcaiteachas a tabhaíodh agus a cuireadh i leith an vóta i leith chluiche ceannais Shraith Europa. Aithníodh ábhair imní faoi chuid de na costais a thabhaigh as cóiríocht do bhaill den Gharda Síochána a bhí i mbun póilíneachta ag an imeacht.

## Pleanáil Oibríochta

8.4 Tar éis cinneadh a d’fhógair Coiste Feidhmiúcháin UEFA an 16 Iúil 2021, bhí cluiche ceannais Shraith Europa UEFA ar siúl i Staid Aviva i mBaile Átha Cliath an 22 Bealtaine 2024.[2] Chúmhdaigh an Stát na costais go léir a thabhaigh an Garda Síochána as póilíneacht a dhéanamh ar Chluiche Ceannais Shraith Europa.

8.5 Bhunaigh an Garda Síochána ‘Oibríocht Argillite’ chun póilíneacht a chur ar fáil don imeacht seo. Cuireadh tús leis an bpleanáil don oibríocht i mí Feabhra 2024 le cruinniú pleanála oibríochta. Leagtar amach amlíne imeachtaí i **bh**Fíor 8.2.

1 Samplaí de chineálacha imeachtaí a bhféadfar seirbhísí póilíneachta a sholáthar dóibh ná cluichí spóirt; ceolchoirmeacha/féilte ceoil; seónna talmhaíochta, féilte agus taispeántais; iompar ualaí neamhghnácha; tionlacain chun pléascáin a chosaint agus iad á n-iompar; cruinnithe agus comhdhálacha; léiriú scannán, clár teilifíse agus fógraí; agus do dhaoine aonair nó grúpaí a d’fhéadfadh líon mór daoine a mhealladh.

2 Bhí an cluiche idir Bayer Leverkusen na Gearmáine agus Atalanta na hIodáile.

**Fíor 8.2 Amlíne Oibríochta Argillite maidir le soláthar cóiríochta**




Foinse: An Garda Síochána. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**8.6** Eisíodh treoir airgeadais a bhaineann le hOibríocht Argillite do gach ball foirne den Gharda Síochána ar an inlíon foirne ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin Airgeadais gníomhach an 4 Márta 2024. Cuireadh in iúl do shealbhóirí buiséid sa treoir nach gcaithfí ach na hacmhainní a mheastar a bheith riachtanach a chaitheamh le linn na hoibríochta. Luadh sa treoir gur cheart caiteachas a thaifeadadh de réir cód tionscadail ar leith freisin, agus go raibh gach éileamh a bhain leis an oibríocht le próiseáil sa tréimhse dar chríoch 7 Iúil 2024. Eisíodh doiciméad treorach airgeadais leasaithe, lena n-áirítear cód ionad costais tionscadail an 18 Aibreán 2024.

**8.7** Ar an 30 Aibreán 2024, eisíodh treoir ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin gníomhach ar Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine chuig comhordaitheoirí réigiúnacha, inar cuireadh in iúl do gach ball den Gharda Síochána gur dhearbhaigh Coimisinéir an Gharda Síochána (an Coimisinéir) gurbh 'imeacht urghnách' an oibríocht. I gcomhréir le forálacha an Comhaontaithe um Am Oibre 2012, chuirfí srian ar shaoire bhliantúil bhaill an Gharda Síochána (ranganna an Gharda Síochána, an tSáirsint agus an Chigire) don tréimhse ón 21 go dtí an 23 Bealtaine 2024 san áireamh.[1] Ní cheadófaí saoire bhliantúil ach amháin i gcúinsí eisceachtúla le linn na hoibríochta, agus bhí gá le ceadú ó Ard-Cheannfort nó ó Choimisinéir Cúnta. I gcásanna ina mbeadh ar bhaill den Gharda Síochána dualgais a chomhlíonadh ar laethanta scíthe pleanáilte, gheobhadh siad íocaíocht ragoibre.

**8.8** Ina theannta sin, tugadh treoir do bhaill an Gharda Síochána a n-oifigeach idirchaidrimh réigiúnach a chur ar an eolas dá mbeadh iompar, cóiríocht agus/nó béilí ag teastáil uathu le linn na hoibríochta. Socraíodh spriocdháta an 9 Bealtaine chun freagraí a chur isteach.

## Bainistíocht an tionscadail

**8.9** Thug an fhoireann pleanála oibríochta sa Gharda Síochána sonraí faoin líon pearsanra a bhí ag teastáil ar dualgas don oibríocht chuig an Aonad Acmhainní Daonna agus Forbartha Gairmiúla an 6 Aibreán 2024. San iomlán, bhí ar bhaill den Gharda Síochána a bheith ar dualgas ar feadh 5,464 seal thar an imeacht trí lá (féach Fíor 8.3).

**Fíor 8.3 Líon na sealanna a bhí ag teastáil ó bhaill den Gharda Síochána ar dualgas 21 – 23 Bealtaine 2024**

| Lá | Líon na sealanna a fuarthas |
|---|---:|
| Lá 1 | 1,427 |
| Lá 2 | 2,962 |
| Lá 3 | 1,075 |
| **Iomlán** | **5,464** |

Foinse: An Garda Síochána

**8.10** Bhí sé de dhualgas ar bhaill aonair den Gharda Síochána a n-oifigigh idirchaidrimh réigiúnacha a chur ar an eolas dá mbeadh iompar, cóiríocht agus/nó béilí ag teastáil uathu le linn na hoibríochta. I gcásanna ina raibh baill den Gharda Síochána ar saoire nuair a eisíodh an treoir, d'fhreagair a sáirsintí thar a gceann maidir le riachtanais chóiríochta agus béilí, gan dul i gcomhairle leis na baill.

1 Faoin gComhaontú um Am Oibre (2012), féadfaidh an Coimisinéir 'imeacht urghnách' a dhearbhú, agus is imeacht é sin atá lasmuigh de ghnáthsholáthar seirbhíse an Gharda Síochána agus lena n-éilítear athrú ar uaireanta socraithe an chláir chun póilíneacht a sholáthar don imeacht sin. Féadfaidh an Coimisinéir, i gcomhréir le prionsabail an chomhaontaithe, fad sealanna oibre a athrú agus/nó laethanta scíthe a chealú chun freastal ar riachtanais imeachta urghnách.

### *Áirithint cóiríochta*

**8.11** Ní raibh beartas ag an nGarda Síochána maidir le pleanáil eagrúcháin imeachtaí neamhghnácha nuair a bhí cluiche ceannais Shraith Europa UEFA ar siúl. Tugadh isteach beartas agus nós imeachta maidir le himeachtaí, pleanáil oird agus sábháilteachta poiblí, agus struchtúr ceannais i mí na Samhna 2024.

**8.12** Sannadh freagracht as measúnú a dhéanamh ar riachtanais chóiríochta agus cóiríocht a chur in áirithe mar chuid den oibríocht ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin Airgeadais agus Seirbhísí. Tarmligeadh foinsiú agus áirithint na cóiríochta óstáin chuig baill foirne sa Rannán Airgeadais agus na foirne taistil sa Gharda Síochána.

**8.13** Bhí an Garda Síochána i dteagmháil dhíreach le 25 soláthraí cóiríochta i réigiún Bhaile Átha Cliath chun cóiríocht óstáin a sholáthar do na trí oíche den oibríocht, is é sin, 21 – 23 Bealtaine 2024.

**8.14** Níor seoladh próiseas soláthair phoiblí i gcomhréir leis na *Treoirlínte Soláthair Phoiblí* chun cóiríocht óstáin a sholáthar. Cé gur nocht an Garda Síochána cuid de na conarthaí nach fuarthas ar bhealach iomaíoch le soláthraithe cóiríochta sa tuairisceán ar sholáthar neamhiomaíoch, fágadh roinnt conarthaí ar lár/níor dearbhaíodh iad.[1]

**8.15** Cuireadh tús le háirithint na cóiríochta óstáin i mí an Mhárta 2024. Bhí 727 seomra curtha in áirithe faoin 23 Aibreán, agus bhí uasmhéid áitíochta féideartha do 1,454 ball den Gharda Síochána in aghaidh na hoíche. An 20 Bealtaine 2024, bhí 246 de na seomraí a cuireadh in áirithe curtha ar ceal, agus 59 seomra eile curtha in áirithe, agus sa deireadh bhí 540 seomra curtha in áirithe i 14 óstán san iomlán. Chuir sé seo uasmhéid féideartha 1,040 acmhainneachta leapa in aghaidh na hoíche ar fáil. Ba é €586,042 an costas iomlán a bhain leis na háirithintí thar na trí oíche (féach Fíor 8.4).

**8.16** Dúirt an Garda Síochána gur chuir Cumann Ionadaithe an Gharda Síochána in iúl dóibh i mí Aibreáin 2024 go mbeadh seomraí áitíochta aonair ag teastáil do bhaill. Ina theannta sin, thug an Garda Síochána le fios gur cuireadh seomraí dhá leaba in áirithe mar gur thug an forlíonadh áitíochta singil costas seomra singil an-ghar don chostas seomra dhá leaba.

1 Éilítear le Ciorclán 40/2002 ar gach roinn/oifig Rialtais faoin 31 Márta gach bliain tuairisceán i leith na bliana roimhe sin a chur isteach chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitithe agus chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, ina sonraítear cásanna soláthair neamhiomaíocha.

**Fíor 8.4 Miondealú ar áirithintí cóiríochta le haghaidh Oibríocht Argillite**




Foinse: An Garda Síochána. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**8.17** Cheadaigh an fhoireann a bhí freagrach as cóiríocht a shocrú don oibríocht athruithe a dhéanamh ar áirithintí óstáin suas go dtí am na hoibríochta. Mar gheall ar thráthúlacht na n-athruithe déanacha, ní raibh sé indéanta roinnt seomraí óstáin a chealú gan táille a thabhú mar gheall ar bheartais chealaithe na n-óstán.

**8.18** Thabhaigh an Garda Síochána €91,577 san iomlán nuair a cuireadh 246 áirithint seomra óstáin ar ceal in 11 óstán roimh an oibríocht.

- Cheadaigh cúig óstán cealú 128 seomra (384 seomra thar thrí oíche) gan aon chostas.
- D'iarr dhá óstán íocaíocht pháirteach as 18 seomra a cuireadh ar ceal (54 seomra thar thrí oíche) ar chostas €4,237.
- Ghearr ceithre óstán costas iomlán ar 100 seomra a cuireadh ar ceal (300 seomra thar thrí oíche) ar chostas €87,340.

*Áitíocht*

**8.19** Chuir an Garda Síochána meascán de sheomraí dhá leaba (500 seomra) agus seomraí singile (40 seomra) in áirithe, rud a sholáthar uas-acmhainn cóiríochta do 1,040 ball den Gharda Síochána in aghaidh na hoíche nó 3,120 thar na trí oíche.

**8.20** Thug an Garda Síochána sonraí faoi úsáid cóiríochta an óstáin le haghaidh gach oíche don fhoireann iniúchóireachta. Scarbhileog as líne an modh a úsáideadh chun an ball foirne a leithdháileadh i ngach seomra a thaifeadadh.

**8.21** Bunaithe ar an scarbhileog a cuireadh ar fáil, is cosúil gur leithdháileadh meán 701 as na 1,040 leaba a bhí ar fáil lena n-úsáid. Ar an meán, bhí 315 leaba óstáin nach raibh leithdháilte/a bhí folamh gach oíche. Ba é €145,698 an costas a bhain leis na leapacha neamháitithe.

**8.22** Aithníodh neamhrialtachtaí i leith 24 leaba óstáin a leithdháileadh gach oíche.

- Sannadh dhá sheomra do 13 bhall den Gharda Síochána san óstán céanna.
- Sannadh dhá sheomra óstáin i ndá óstán éagsúla do 11 bhall den Gharda Síochána.

*Éilimh taistil agus cothaithe*

**8.23** Sa treoir airgeadais a eisíodh do bhaill den Gharda Síochána i mí Aibreáin 2024, tugadh mionsonraí faoi na himthosca inar íocadh táillí taistil agus cothaithe le linn na hoibríochta (féach Fíor 8.5). I gcásanna ina gcuirtear béilí ar fáil, laghdaítear an t-éileamh cothaithe m.sh. má chuirtear béile amháin ar fáil, déantar asbhaint €12.48 ón liúntas béile laethúil de €31.99, agus faigheann baill íocaíocht €19.51; má chuirtear dhá bhéile ar fáil, déantar asbhaint €21.86 ón liúntas laethúil, agus faigheann baill íocaíocht €10.13. Ní íoctar aon chothú laethúil i gcás ina bhfaigheann baill trí bhéile.

**Fíor 8.5 Rátaí cothaithe iníoctha**

| Cóiríocht | Cothú | Cuireadh béile amháin ar fáil | Cuireadh dhá bhéile ar fáil | Cuireadh trí bhéile ar fáil |
|---|---|---|---|---|
| Cóiríocht agus gach béile ar fáil ar chostas poiblí | **Gan teidlíocht cothaithe** | **N/B** | **N/B** | **N/B** |
| Cóiríocht curtha ar fáil ar chostas poiblí | **Bunaithe ar líon na mbéilí a cuireadh ar fáil** | **€19.51** | **€10.13** | **—** |
| Cóiríocht a bhí ag teastáil ach nár iarradh | **€143.58, mura gcuirtear béilí ar fáil** | **€131.10** | **€121.72** | **€111.59** |

Foinse: An Garda Síochána

**8.24** Rinne an fhoireann iniúchta comparáid idir íocaíochtaí taistil agus cothaithe a rinneadh le baill den Gharda Síochána sa tréimhse ó Bhealtaine go Nollaig 2024, lena n-áirítear éileamh ar chóiríocht a bhain leis an oibríocht, agus sonraí arna soláthar ag an nGarda Síochána maidir le leithdháiltí seomraí óstáin.

**8.25** Aithníodh 145 íocaíocht cothaithe do bhaill den Gharda Síochána san iniúchadh, lena n-áirítear go sonrach éileamh ar chóiríocht don oibríocht inar leithdháileadh cóiríocht óstáin dóibh freisin. B'ionann costas na n-íocaíochtaí cothaithe forluiteacha agus €32,598.

**8.26** Thar an tréimhse trí lá, cuireadh breis is 5,251 béile ar fáil do 2,120 ball ar chostas €340,000. Mar a léirítear i bhFíor 8.5, tá ráta cothaithe níos ísle iníoctha má chuirtear béilí ar fáil.

**8.27** In anailís ar na híocaíochtaí taistil agus cothaithe a rinneadh agus sonraí an Gharda Síochána, léiríodh cé na baill den Gharda Síochána ar tugadh béilí dóibh le linn na hoibríochta, agus thug sin le fios go raibh ró-íocaíocht €2,408 féadartha ann i 108 cás inar cosúil gur cheart asbhaintí a dhéanamh i leith béilí a cuireadh ar fáil.

**8.28** Bhí teorainneacha leis na sonraí íocaíochta taistil agus cothaithe a chuir an Garda Síochána ar fáil. Bhí go leor cásanna ann inar chuir baill den Gharda Síochána éileamh taistil agus cothaithe isteach a chumhadaigh roinnt míonna ach níor scar an tuarascáil íocaíochta a cuireadh ar fáil don iniúchadh an íocaíocht ina comhpháirteanna aonair. Mar thoradh air sin, sna cásanna seo, ní raibh sé indéanta méideanna/íocaíochtaí a bhain leis an oibríocht a aithint. Agus é seo san áireamh, d’fhéadfadh go mbeadh cásanna breise ann inar íocadh costas cothaithe le baill den Gharda Síochána ar leithdháileadh lóistín óstáin orthu agus ar cuireadh béilí ar fáil dóibh le linn na hoibríochta.

## Conclúidí agus moltaí

**8.29** Ní raibh beartas ag an nGarda Síochána maidir le pleanáil eagrúcháin imeachtaí ‘neamhghnácha’ inar soláthraíodh seirbhísí póilíneachta roimh chluiche ceannais Shraith Europa UEFA. Tugadh isteach beartas agus nós imeachta maidir le himeachtaí, pleanáil oird agus sábháilteachta poiblí, agus struchtúr ceannais i mí na Samhna 2024.

**8.30** Rinne an Garda Síochána seomraí óstáin a chur in áirithe ar an mórchóir dhá mhí roimh an oibríocht, sular eisíodh treoracha do bhaill an Gharda Síochána chun an t-éileamh dóchúil a mheas. Mar thoradh air sin, agus toisc nár cuireadh isteach iarratais chóiríocht in am, cuireadh seomraí óstáin breise in áirithe.

**8.31** D’éirigh leis an nGarda Síochána cuid de na seomraí a bhí curtha in áirithe a chealú gan pionóis a chur i bhfeidhm.

**8.32** Chaith an Garda Síochána beagnach €590,000 ar chóiríocht dá chomhaltaí a bhí i mbun póilíneachta ag an ócáid seo. Bhain beagán os cionn 40% den chaiteachas seo (€248,500) le cóiríocht nár úsáid pearsanra an Gharda Síochána. In ainneoin na ndúshlán a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar an éileamh ar chóiríocht riachtanach, ní luach ar airgead é leibhéal na diomailte seo.

### Moladh 8.1

Ba cheart don Gharda Síochána cloí le spriocdhátaí dochta agus faisnéis á hiarraidh ó bhaill agus a chinntiú go bhfuil baill den Gharda Síochána lán-eolach ar an bpróiseas iarratais agus ar an gceanglas chun cóiríocht agus béilí a iarraidh nó a dhiúltú le haghaidh imeachta laistigh de thréimhse ama shainithe.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta**

Aontaítear leis.

Glacadh roinnt céimeanna chun na hamlínte maidir le dearbhú imeachta urghnách a fheabhsú chun riachtanais agus iarratais imscaradh acmhainní a shruthlíniú. Ba cheart go gcinnteodh sé seo go bhfuil an próiseas soláthair agus na conarthaí ábhartha i bhfeidhm, agus go bhfuil áirithintí roimh ré ag an leibhéal céatadáin íosta sula bhfaightear na huimhreacha imscartha iarbhír.

Éilítear leis sin comhoibriú straitéiseach agus rannpháirtíocht luath le ranna Rialtais i gcás imeachtaí móra suntasacha ina bhfuil Éire ina hóstach agus ina bhfuil sé de dhualgas ar an nGarda Síochána sábháilteacht agus slándáil a sholáthar óna acmhainní féin. Tá géarghá freisin le dul i ngleic go luath leis na foirne pleanála oibríochta agus le hAirgeadas agus Seirbhísí. Tá feabhas tagtha air seo le líon na n-imeachtaí suntasacha ina dhiaidh sin.

**Amlíne le haghaidh cur chun feidhme**

I bhfeidhm ó cheathrú ráithe 2024.

**8.33** Níor reáchtáil an Garda Síochána próiseas soláthair phoiblí sular cuireadh cóiríocht óstáin in áirithe dóibh don oibríocht. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur sheol an Garda Síochána próisis tairisceana le soláthraithe seirbhísí óstán idir mí Dheireadh Fómhair 2024 agus mí Márta 2025, agus gur chuir siad téarmaí agus coinníollacha caibidlithe isteach le haghaidh íocaíochta agus cealuithe le soláthraithe seirbhíse. Chomh maith leis sin, chuir sé conradh i bhfeidhm trí chreat seirbhísí taistil na hOifige um Sholáthar Rialtais atá ar fáil le haghaidh riachtanais áirithintí intíre agus eachtracha go dtí Lúnasa 2026. Tá sé ag obair leis an Oifig um Sholáthar Rialtais freisin maidir leis an gcreat seirbhísí taistil atá le cur i bhfeidhm ó mhí Mheán Fómhair 2026.

**8.34** Aithníodh 24 cás san iniúchadh inar sannadh baill den Gharda Síochána do roinnt seomraí in óstáin nó do sheomraí i roinnt óstán. D’fhéadfadh sé sin a bheith mar gheall ar úsáid próisis láimhe chun cóiríocht a leithdháileadh.

**Moladh 8.2**

Ba cheart don Gharda Síochána imscrúdú a dhéanamh ar úsáid modh níos sofaisticiúla chun cóiríocht a leithdháileadh, chun an baol earráidí riaracháin a laghdú.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta**

Aontaítear leis.

Tá an Garda Síochána ag athbhreithniú roghanna faoi láthair a d’fhéadfadh tacaíocht a chur ar fáil sa réimse seo.

**Amlíne le haghaidh cur chun feidhme**

Faoi mhí Meithimh 2026, déan anailís ghnó ar riachtanais agus comhoibrigh le TFC maidir leis an uirlis a d'fhéadfaí a úsáid go héifeachtach ar chóras faisnéise an Gharda Síochána gan sárú a dhéanamh ar shlándáil.

**8.35** Sa scrúdú, sainaithníodh breis is 250 cás inar ró-íocadh éilimh taistil agus cothaithe, arbh ionann iad agus €35,000 san iomlán maidir le hOibríocht Argillite. Mar gheall ar theorainneacha sna sonraí atá ar fáil, is dócha gurb iad na méideanna a sainaithníodh an t-íosleibhéal ró-íocaíochta. Tá sé ráite ag an nGarda Síochána go ndéanfaidh an t-iniúchadh inmheánach athbhreithniú ar an bhfaisnéis seo agus go ndéanfar aon ró-íocaíochtaí a bhfuil cruthúnas orthu a aisghabháil.

**8.36** De bharr nach ndearnadh an chrostagairt thábhachtach idir éilimh taistil agus chothaithe a chur baill den Gharda Síochána isteach agus cóiríocht agus béilí arna soláthar ag an nGarda Síochána le linn na hoibríochta, tugann sé sin le fios go bhfuil laige i gcórais rialaithe inmheánaigh, nach ndéantar go leor seiceálacha rialaithe inmheánaigh agus go ndéantar neamhaird ar phrótacail fhíoraithe caiteachais atá bunaithe.

### Moladh 8.3

Ba cheart don Gharda Síochána nósanna imeachta taistil agus cothaithe a nuashonrú lena chinntiú go ndeimhneoidh oifigigh nár soláthraíodh seirbhísí ar leibhéal lárnach sula gceadaítear éilimh.

Ba cheart nósanna imeachta taistil agus cothaithe a chur in iúl go tréimhsiúil do gach ball den Gharda Síochána lena chinntiú go bhfuil siad eolach ar na rialacha maidir le héileamh a dhéanamh ar chostais taistil agus cothaithe.

#### Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

Aontaítear leis.

Críochnaíodh athbhreithniú ar an bhfoirm éilimh cothaithe sa bhliain 2025 chun a áireamh cá háit ar éascaíodh soláthar cóiríochta agus/nó béilí ó Vóta 20 den Gharda Síochána. Ní mór don éilitheoir agus don cheadaitheoir a dheimhniú cá bhfuil na forálacha uile déanta. Cinnteoidh sé seo go ndéanfar an laghdú cuí ag céim phróiseála an éilimh. Forbraíodh tuarascálacha monatóireachta breise tríd an gcóras Croí-chaiteachais chun monatóireacht a dhéanamh air seo.

#### Amlíne le haghaidh cur chun feidhme

I bhfeidhm.